

An Fornáisiúnachas san Eoraip – Ré Nua Polaitíochta?

Cé hiad Liga Nord, an UKIP, Jobbik, Le Front National, FPÖ na hOstaire, Partij Voor de Vrijheid na Beilge agus páirtithe eile nach iad ar fud Aontas na hEorpa?

Diarmuid Johnson

Polaitíocht dhá eite a bhí san Eoraip go dtí le deireanas. Lucht an rachmais ar dheis, agus an lucht oibre ar chlé. Ach tá an déúlacht sin á briseadh. Is idir grúpaí eile atá an teannas anois: idir pobail dhúchais iarthar na hEorpa agus imirceánaigh ón Afraic, ón Tuirc agus ó oirthear na hEorpa. Idir an stát agus an réigiún. Idir seanpháirtithe móra an dá eite agus mionpháirtithe raidiceacha, fornáisiúnacha, nua.

Cé hiad na páirtithe seo? I dtuaisceart na hIodáile, tá an *Liga Nord* ag iarraidh breis neamhspleáchais do réigiún Padania – abhantrach Po. Is é an tríú páirtí is mó san Iodáil é. I láthair na huiare, tá siad i gcomhrialtas le *Forza Italia* Bherlusconi. Cuireann siad an bhéim ar an scoilt idir An Iodáil Thuaidh agus An Iodáil Theas. Is mian leo an tír a roinnt ina dhá limistéar rialacháin. Is ó 1996 i leith atá fás suntasach ar an bpáirtí. I dtoghcháin na bliana sin, fuair siad 10% den vóta náisiúnta, agus 35% den vóta i gceantar Lombardia. Bhunaigh siad buíon gardaí dá gcuid féin – *Na Léinte Glasa*. Go hoifigiúil, is gardaí gan airm iad seo, ach bítear á samhlú leis *Na Léinte Dubha* a bhí ann le linn Mussolini.

Bunaíodh an *United Kingdom Independence Party* (UKIP) i 1993. Tá 27 míle ball ann. Mímhuinín san Eoraip is briathar dóibh. I dtoghcháin na hEorpa i 2009, fuair an UKIP 16.8% de vóta na tíre, agus 13 shuíochán i bParlaimint na hEorpa. Dá réir sin, is iad an dara páirtí is láidre ón mBreatain san Eoraip iad.

Jobbik is ainm do pháirtí fornáisiúnach na hUngáire. Bunaíodh é sa mbliain 2003. Luann siad cúrsaí cirt agus creidimh leis an dearcadh atá acu ar shaol na tíre. Is iad *Jobbik* an tríú páirtí is mó i bparlaimint na hUngáire i láthair na huaire. Is í athghabháil chríocha na Sean-Ungáire is sprioc dóibh. I mbliana, d'éirigh leo 12.2% de na vótóirí a mhealladh. Tá 47 teachtaí parlaiminte acu. I 2007, bunaíodh Gardaí na hUngáire, craobh pharaimíleata de chuid *Jobbik*. Cuireadh cosc orthu seo i 2009, ach bunaíodh as an nua iad ó shin faoin ainm Gardaí Nua na hUngáire. Feidhmíonn siad de réir modhanna *vigilante* san áit a bhfuil 'fadhbanna sóisialta' dar leo féin.

Sin samplaí de thrí pháirtí fornáisiúnacha atá gníomhach san Eoraip faoi láthair. Tá pátrún ag roinnt leo. Is le scór bliain anuas a bunaíodh iad, sin nó is le linn an ama sin a tháinig borradh mór faoin tacaíocht atá acu. Sna toghcháin náisiúnta, is é an pátrún atá ann gur suas le 15% den vóta náisiúnta a bhíonn acu. Fágann sin cuid acu ar an tríú páirtí is mó iad. An 15% den vóta náisiúnta atá acu, is ionann é agus sciar i bhfad níos mó ná sin den vóta réigiúnda san áit is treise iad. I gcás na Fraince, mar shampla, ní mionpháirtí atá sa *Front National* in oirdheisceart na Fraince. Is leis an *Front National* suas leis an tríú cuid den vóta in áiteacha. Dá réir sin, tá an *Front National* ar an tríú páirtí polaitiúil is mó agus is cumhachtaí sa triantán ó Lyon go Marseille go Perpignan.

Tá an tríú snáth sa bpátrún seo. Is fearr a éiríonn leis na pairtithe fornáisiúnacha i dtoghcháin na hEorpa ná sna toghcháin náisiúnta. Cén fáth sin? Bíonn tábhacht ar leith le ceist an náisiúin i gcoimhthéacs na hEorpa. Agus is deis a bhíonn i dtoghcháin na hEorpa le hagóid a dhéanamh in aghaidh na bpríomhpháirtithe rialtais agus freasúra. Dá réir sin, vótáil muintir na hÉireann in aghaidh Fhianna Fáil nuair a vótáil siad in aghaidh chonradh Lisbon. Agus ar an ábhar céanna ní mian leis na Na Tóraithe ná an leis Lucht Oibre reifreann a ghairm sa mBreatain maidir leis an Euro.

I measc na bpáirtithe fornáisiúnacha eile atá ag méadú leo i dtíortha na hEorpa faoi láthair tá *Partij Voor de Vrijheid* sa mBeilg, *Freiheits-Partei Österreich* san Ostair, *Pro Deutschland* sa nGearmáin, agus *Dansk Folkeparti* sa Danmhairg. Níl amhras ach go bhfuil ré nua linn. Le fiche bliain anuas bhí eochair na cumhachta ag na mionpháirtithe glasa ar chlé, agus ag na mionpháirtithe nua-liobrálacha ar dheis – *Na PDs* agus an *FDP* in Éirinn agus sa nGearmáin faoi seach, cuir i gcás. Ach san am atá romhainn, is iad na páirtithe fornáisiúnacha a bheidh ina bpáirtithe comhrialtais leis na príomhpháirtithe. Dá bharr sin agus eile, beidh claonadh ann in aghaidh leas na gcomharsan, agus is ag fuarú a bheas an bráithreachas trasteorann ar de bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh é ó aimsir Willie Brandt agus Giscard d'Estaing i leith.